| Matamaitic | Meitheal Forbartha Cruinniú #12 20 Deireadh Fómhair 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí, Rialachas** | Miontuairiscí, agus níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| **Mír a hAon ar an gClár**<br>Athbhreithniú ar dhréachtsnáitheanna 1 | Rinneadh an dréacht do Shnáithe 1 a athbhreithniú i ngrúpaí ar leithligh. Fiafraíodh de na grúpaí athbhreithniú a dhéanamh ar an snáithe trí lionsa na foghlama riachtanaí agus an 180 uair an chloig staidéir. Áiríodh seo a leanas leis an aiseolas:<br>• foclaíocht is fearr do na torthaí foghlama le srian a chur ar an gcastacht a bhaineann leis an tsonraíocht ghnáthleibhéil<br>• fairsinge an ailgéabair le bheith san áireamh sa snáithe seo<br>• doimhneacht rannpháirtíochta le dóchúlacht, ach níor thángthas ar chomhréiteach. Comhaontaíodh an plé a leanúint ar aghaidh ag an gcéad chruinniú eile<br>• cuireadh plé ar Shnáithe 2 siar go dtí an chéad chruinniú eile de bharr srianta ama |
| **Mír a Dó ar an gClár**<br>Plé ar Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CBM) | Bhí an plé bunaithe ar CBM mholta, a forbraíodh tar éis aiseolais a fuarthas ó gach grúpa ag an gcruinniú i mí Bealtaine. Bhíothas ar aon intinn nár theastaigh CBM amháin: rinneadh plé i ngrúpaí ar leithligh ar mholtaí do shamhlacha malartacha do CBManna ina bhfuil dhá chuid. Comhaontaíodh an plé a leanúint ar aghaidh ag an gcéad chruinniú eile de bharr srianta ama. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht ghníomhach leis an gcruinniú. Moladh chun súil a chaitheamh ar Shnáithe 2 ag tús an chéad chruinnithe eile le béim ar leith ar a bhfuil i gceist le foghlaim riachtanach. Maidir le Maitrísí, ní mór don ghrúpa machnamh a dhéanamh ar údar béim a choimeád ar thopaic amháin seachas tús áite a thabhairt do cheann eile. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ullmhóidh dréachtábhair don chéad chruinniú eile.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** Déardaoin 13 Samhain |